

JC 2024 28

---

10 Nollaig 2024

---

## Treoirlínte

---

maidir le teimpléid le haghaidh mínithe agus tuairimí, agus an tástáil chaighdeánaithe le haghaidh cripteashócmhainní, faoi Airteagal 97(1) de Rialachán (AE) 2023/1114



# 1. Comhlíonadh agus oibleagáidí tuairiscithe

## Stádas na dtreoirlínte seo

- Eisítear na Treoirlínte seo de bhun Airteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 agus Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 (na Rialacháin maidir le ÚMEnna)<sup>1</sup>. I gcomhréir le hAirteagal 16(3) de na Rialacháin maidir le ÚMEnna, ní mór d'údaráis inniúla, do rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais agus d'institiúidí airgeadais gach iarracht a dhéanamh na treoirlínte a chomhlíonadh.
- Ba cheart d'údaráis inniúla mar a shainmhínítear i bpointe (35)(a) d'Airteagal 3(1) de Rialachán (AE) 2023/1114<sup>2</sup> (MICAR) na treoirlínte seo a chomhlíonadh trína n-ionchorprú ina gcleachtais de réir mar is iomchuí (e.g. tríd an gcreat dlíthiúil nó a bpróisis mhaoirseachta a leasú), lena n-áirítear i gcás ina ndírítear treoirlínte go príomha ar rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais agus ar institiúidí airgeadais.

## Ceanglais maidir le tuairisciú

- Laistigh de dhá mhí ó dháta foilsithe na dtreoirlínte seo ar shuíomhanna gréasáin na ÚMEnna i dteangacha oifigiúla uile an Aontais Eorpaigh, de réir Airteagal 16(3) de gach ceann de na Rialacháin dá dtagraítear i mír 1 de na Treoirlínte seo, ní mór d'údaráis inniúla fógra a thabhairt do ÚBE, ÚEÁPC nó ESMA, de réir mar a bheidh, maidir le cibé an gcomhlíonann siad na treoirlínte seo nó an bhfuil sé beartaithe acu iad a chomhlíonadh, nó cúiseanna le neamhchomhlíonadh ar shlí eile. In éagmais aon fhógra faoin spriocdháta sin, measfaidh na húdaráis inniúla go bhfuil na ÚMEnna neamhchomhlíontach. Ba cheart fógraí a sheoladh tríd an bhfoirm atá ar fáil ar shuíomhanna gréasáin gach ÚME a chur isteach leis an tagairt 'EBA/GL/2024/16'. Ba cheart go mbeadh fógraí curtha isteach thar ceann a n-údarás inniúil ag daoine a bhfuil an t-údarás cuí acu chun comhlíonadh a thuairisciú. Ní mór aon athrú ar an stádas comhlíontachta a thuairisciú do na ÚMEnna faoi seach freisin.
- Foilseofar fógraí ar shuíomhanna gréasáin gach ÚME, i gcomhréir le hAirteagal 16(3) de na Rialacháin maidir le ÚMEnna.

<sup>1</sup> ÚBE – Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12).

ÚEÁPC – Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/79/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 48).

ESMA – Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margáí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84).

<sup>2</sup> Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2023 maidir le Margáí Cripteashócmhainní, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010 agus Treoracha 2013/36/AE agus (AE) 2019/1937 (IO L 150, 9.6.2023, lch. 40).

5. Ní cheanglaítear ar rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais a thuairisciú an gcomhlíonann siad na treoirlínte seo.

## 2. Ábhar, raon feidhme agus sainmhínthe

### Ábhar

6. I gcomhréir le hAirteagal 97(1) de Rialachán (AE) 2023/1114, bunaítear leis na Treoirlínte comhpháirteacha seo:
- ábhar agus foirm an mhínthe agus na tuairime dlíthiúla dá dtagraítear in Airteagal 8(4) agus Airteagal 17(1), pointe (b)(ii), agus Airteagal 18(2), pointe (e), faoi seach, den Rialachán sin;
  - cur chuige comhchoiteann maidir le haicmiú rialála cripteashócmhainní faoin Rialachán sin.

### Raon feidhme an iarratais agus na seolaithe

7. Tá feidhm ag na Treoirlínte seo maidir le húdaráis inniúla, mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (35)(a) de Rialachán (AE) 2023/1114.
8. Tá feidhm ag na Treoirlínte seo freisin maidir<sup>3</sup> leis na nithe seo a leanas:
- tairgeoirí, daoine a bhfuil ligean isteach chun trádála á iarraidh acu, nó oibreoirí ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainne seachas comhartha sócmhainn-tagartha (ART) nó comhartha ríomh-airgid (EMT), a gceanglaítear orthu fógra a thabhairt don údarás inniúil faoin bpáipéar bán maidir le cripteashócmhainní, agus míniú ag gabháil leo ina dtugtar tuairisc ar an bhfáth nár cheart a mheas go bhfuil an chripteashócmhainn eisiata ó raon feidhme an Rialacháin sin, nó aicmithe mar ART nó EMT de bhun Airteagal 8(4) den Rialachán sin;
  - institiúidí creidmheasa a bhfuil sé beartaithe acu ART a thairiscint don phobal nó a bhfuil ligean isteach chun a thrádála á iarraidh acu agus ar a gceanglaítear tuairim dhlíthiúil a chur faoi bhráid an údaráis inniúil maidir le cáiliú na cripteashócmhainne de bhun Airteagal 17(1), pointe (b)(ii) de Rialachán (AE) 2023/1114;

<sup>3</sup> Bunaítear dáta chur i bhfeidhm MiCAR le hAirteagal 149 MiCAR (teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm) ar cheart é a léamh i gcomhréir le hAirteagal 143 (bearta idirthrímhseacha).

- c. daoine dlítheanacha nó gnóthais eile nach institiúidí creidmheasa iad a bhfuil sé beartaithe acu ARTanna a thairiscint don phobal nó a bhfuil ligean isteach chun a dtrádála iad agus ar a gceanglaítear tuairim dhlíthiúil a chur faoi bhráid an údaráis inniúil maidir le cáiliú na cripteashócmhainne de bhun Airteagal 18(2), pointe (e) de Rialachán (AE) 2023/1114.
9. Tá feidhm ag na Treoirlínte seo freisin maidir le daoine a bhfuil sé beartaithe acu seirbhísí cripteashócmhainní a dhéanamh nó a dhéanamh agus measúnú á dhéanamh acu an mbaineann cripteashócmhainn laistigh de raon feidhme an Rialacháin sin le gníomhaíochtaí laistigh dá sainchúram atá ann cheana nó atá beartaithe.

## Sainmhíithe

10. Mura sonraítear a mhalairt, tá an bhrí chéanna leis na téarmaí a úsáidtear agus a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2023/1114 sna Treoirínte seo.

## 3. Cur chun feidhme

---

### Dáta cur i bhfeidhm

11. Beidh feidhm ag na Treoirí seo ón 12.05.2025.

## 4. Teimpléid agus tástáil chaighdeánaithe

### Teimpléad chun críocha Airteagal 8(4) de Rialachán (AE) 2023/1114

12. Ba cheart do thairgeoirí, do dhaoine a bhfuil ligean isteach chun trádála á iarraidh acu, agus d'oibreoirí ardán trádála le haghaidh cripteashócmhainní seachas ARTanna agus EMTanna (daoine ábhartha) an teimpléad dá dtagraítear in Iarscríbhinn A a úsáid chun an míniú dá dtagraítear in Airteagal 8(4) de Rialachán (AE) 2023/1114 a sholáthar.
13. Ba cheart gach réimse a leagtar amach sa teimpléad a chomhlánú leis an bhfaisnéis uile ba ghá chun míniú soiléir, cothrom, iomlán nach mbeadh míthreorach a thabhairt ar aicmiú na cripteashócmhainne. Ba cheart tagairt a dhéanamh don mhéid seo a leanas chun bonn eolais a chur faoin míniú ar aicmiú na cripteashócmhainne:
- foinse na sainmhínte a cuireadh san áireamh i gcás gach táirge rialála dá dtagraítear sa teimpléad, lena n-áirítear dlí an Aontais agus an dlí náisiúnta is infheidhme;
  - iomlán:
    - chásdlí ábhartha Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus na gcúirteanna náisiúnta;
    - na mbeart rialála, lena n-áirítear rialacha agus treoir, sa Bhallstát lena mbaineann;
    - na treorach léirmhíneithí ón gCoimisiún Eorpach agus Treoirilínite ó na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha;
    - na treorach léirmhíneithí ó údaráis inniúla nó aon fhoinse eile atá ábhartha maidir le léirmhíniú coincheap rialála.

### Teimpléad chun críocha Airteagal 17(1), pointe (b)(ii), agus Airteagal 18(2), pointe (e) de Rialachán (AE) 2023/1114

14. Institiúidí creidmheasa, agus daoine dlítheanacha agus gnóthais eile a bhfuil sé beartaithe acu ART a thairiscint don phobal nó a bhfuil ligean isteach chun a thrádála á iarraidh acu, ba cheart dóibh an teimpléad dá dtagraítear in Iarscríbhinn B a úsáid chun críocha na tuairime dlíthiúla maidir le cáiliú na cripteashócmhainne dá dtagraítear in Airteagal 17(1), pointe (b)(ii) agus Airteagal 18(2), pointe (e) de Rialachán (AE) 2023/1114.
15. Ba cheart gach réimse a leagtar amach sa teimpléad a chomhlánú leis an bhfaisnéis uile ba ghá chun míniú soiléir, cothrom, iomlán agus nach mbeadh míthreorach a thabhairt ar aicmiú na cripteashócmhainne. Ba cheart tagairt a dhéanamh don mhéid seo a leanas chun bonn eolais a chur faoin míniú ar aicmiú na cripteashócmhainne:



- a. foinse na sainmhínte a cuireadh san áireamh i gcás gach táirge rialála dá dtagraítear sa teimpléad, lena n-áirítear dlí an Aontais agus an dlí náisiúnta is infheidhme;
- b. iomlán:
  - i. chásdlí ábhartha Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus na gcúirteanna náisiúnta;
  - ii. na mbeart rialála, lena n-áirítear rialacha agus treoir, sa Bhallstát lena mbaineann;
  - iii. na treorach léirmhíneadh ón gCoimisiún Eorpach agus Treoirlínte ó na húdaráis Mhaoirseachta Eorpacha;
  - iv. na treorach léirmhíneadh ó údaráis inniúla nó aon foinse eile atá ábhartha maidir le léirmhíniú coincheap rialála.

16. Ba cheart do chomhairleoir dlí inmheánach nó seachtrach an teimpléad a chomhlánú. Ba cheart don chomhairleoir dlí a bheith in ann an tuairim a eisiúint ar bhealach oibiachtúil, saor ó choinbhleachtaí leasa nach féidir a bhainistiú go héifeachtach. Ba cheart fianaise a chur ar fáil maidir le cumas an chomhairleora dlí, mar chleachtas gairmiúil, tuairim dhlíthiúil a eisiúint. D'fhéadfaí a áireamh leis sin, de réir mar is infheidhme, dioplóma, teastas cleachtaidh, clárú leis an gcomhlacht gairmiúil ábhartha sa Bhallstát lena mbaineann.

## Tástáil chaighdeánaithe chun cripteashócmhainní a aicmiú

17. Ba cheart d'údarás inniúla agus do dhaoine eile a ndírítear na Treoirlínte seo orthu cur chuige comhchoiteann a chur i bhfeidhm chun aicmiú cripteashócmhainne a chinneadh ar bhonn cás ar chás agus tréithe uile an chomhartha atá i gceist á gcur san áireamh i gcomhréir leis an tsreabhchairt dá bhforáiltear in Iarscríbhinn C.
18. Ba cheart d'údarás inniúla agus do dhaoine eile a bhfuil na Treoirlínte seo dírithe orthu a chinneadh an bhfuil léiriú digiteach ar luach nó ar cheart ann, arb iad sin na tréithe is gá a bhaineann le cripteashócmhainn mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (5) de Rialachán (AE) 2023/1114. Ba cheart na téarmaí 'luach' agus 'ceart' a léirmhíniú go leathan i gcomhréir le haithris (2) den Rialachán sin. Ba cheart caitheamh le cripteashócmhainní nach bhfuil aon luach intreach acu, ach a bhfuil luach sannta dóibh ag an díoltóir/ceannaitheoir nó ag rannpháirtithe<sup>4</sup> sa mhargadh, mar léirithe digiteacha ar luach.
19. Ba cheart d'údarás inniúla agus do dhaoine eile a bhfuil na Treoirlínte seo dírithe orthu a mheas freisin an féidir léiriú digiteach an luacha agus/nó an chirt a aistriú agus a stóráil go leictreonach trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht mórleabhar dáilte (DLT) nó teicneolaíochtaí comhchosúla. Ní fhéadfar a mheas go bhfuil comhartha 'neamh-inaistrithe' ach amháin i gcás ina gcomhlíontar na

---

<sup>4</sup> Cuir i gcás comharthaí amhail Bitcoin agus 'boinn mhéime', mar a thugtar orthu, a thrádáiltear ar mhalartáin le praghsanna poiblí.

coinníollacha seo a leanas ar a laghad (i) nach nglacann ach an t-eisitheoir nó an tairgeoir leis an gcomhartha, agus (ii) nach bhfuil aon fhéidearthacht theicniúil ann go n-aistreoidh sealbhóir an comhartha chuig daoine seachas an t-eisitheoir nó an tairgeoir (aithris 17 de Rialachán (AE) 2023/1114). Chun a mheas an bhfuil teicneolaíocht cosúil le DLT, ba cheart tréithe feidhmiúla na teicneolaíochta sin a mheas, lena n-áirítear an bonn ar a gcoimeádtar na taifid (an mórleabhar), ar a gcomhroinntear iad agus ar an gcaoi a mbaintear comhthoil amach (i.e. feidhmiú aon sásra comhthola).

20. Má shásaítear an dá eilimint (léiriú digiteach ar luach agus/nó ar cheart, agus a aistrítear agus a stóráiltear go leictreonach trí DLT nó teicneolaíocht chomhchosúil a úsáid) ba cheart d'údaráis inniúla agus do dhaoine eile a bhfuil na Treoirlínte seo dírithe orthu a mheas go bhfuil an comhartha comhoiriúnach le cripteashócmhainn chun críocha Rialachán (AE) 2023/1114.

21. Chun a chinneadh an bhfuil an chripteashócmhainn faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2023/1114, ba cheart d'údaráis inniúla agus do dhaoine eile a bhfuil na Treoirlínte seo dírithe orthu measúnú a dhéanamh ar na heisiaimh uile a shainithnítear in Airteagal 2, pointí (2) go (4) de Rialachán (AE) 2023/1114:

- a. Airteagal 2(2): an bhfuil an t-eisitheoir nó an tairgeoir ina dhuine dá dtagraítear sa mhír sin? Níl feidhm ag MiCAR maidir le daoine a sholáthraíonn seirbhísí cripteashócmhainní go heisiach dá máthairchuideachtaí, dá bhfochuideachtaí féin nó d'fhochuideachtaí eile dá máthairchuideachtaí; leachtaitheoirí nó riarthóirí a ghníomhaíonn le linn nós imeachta dócmhainneachta (seachas chun críocha Airteagal 47 de MiCAR); BCE, bainc cheannais na mBallstát agus iad ag gníomhú ina gcáil mar údaráis airgeadaíochta, nó údaráis phoiblí eile de chuid na mBallstát; an Banc Eorpach Infheistíochta agus a fhochuideachtaí; an tSaoráid Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais agus an Sásra Cobhsaíochta Eorpach; eagraíochtaí idirnáisiúnta poiblí.
- b. Airteagal 2(3): an bhfuil an chripteashócmhainn uathúil agus nach bhfuil sí idirmhalartach le cripteashócmhainní eile? <sup>5</sup> Agus measúnú á dhéanamh an bhfuil an chripteashócmhainn uathúil agus neamh-idirmhalartach, ba cheart d'údaráis inniúla agus do dhaoine eile a bhfuil feidhm ag na Treoirlínte seo maidir leo aird a thabhairt ar Airteagal 2(3) agus aithris (11) de Rialachán (AE) 2023/1114 chomh maith leis na Treoirlínte maidir leis na coinníollacha agus na critéir chun cripteashócmhainní a cháiliú mar ionstraimí airgeadais.<sup>6</sup>
- c. Airteagal 2(4): an gcáilíonn an chripteashócmhainn mar tháirge ábhartha a liostaítear sa mhír sin? Níl feidhm ag Rialachán (AE) 2023/1114 maidir le hionstraimí airgeadais, taiscí, taiscí struchtúrtha, cistí (seachas comharthaí ríomh-airgid), suíomhanna urrúsúcháin (de

---

<sup>5</sup> D'fhéadfaí a áireamh leis sin, mar shampla, cripteashócmhainn neamh-idirmhalartach lena bhfianaítear ceart eisiach maoinne i sócmhainn inláimhsithe shonrach in eastát réadach (amhail teach nó maoin tráchtála), nó sócmhainn dholáimhsithe amhail paitinn.

<sup>6</sup> Nasc le cur isteach nuair a bheidh TL ESMA críochnaitheach (féach ESMA75-453128700-52 le haghaidh an pháipéir comhairliúcháin).

réir Rialachán (AE) 2017/2402<sup>7</sup>), táirgí árachais agus conarthaí atharachais (de réir Threoir 2009/138/CE), táirgí pinsin lena soláthraítear ioncam scoir go príomha, scéimeanna pinsin ghairme a aithnítear go hoifigiúil (de réir Threoracha (AE) 2016/2341<sup>8</sup> agus 2009/138/CE<sup>9</sup>), táirgí pinsin aonair sainordaithe ag fostóirí, Táirgí Pinsin Phearsanta uile-Eorpacha (de réir Rialachán (AE) 2019/1238<sup>10</sup>), agus scéimeanna slándála sóisialta (de réir Rialacháin (CE) Uimh. 883/2004<sup>11</sup> agus (CE) Uimh. 987/2009<sup>12</sup>).

22. Gan dochar d'aon ábhar ábhartha eile, ba cheart an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 13 de na Treoirí seo a chur san áireamh chun measúnú a dhéanamh i dtaobh an bhfuil an chripteashócmhainn ina:

- a. hionstraim airgeadais, ba cheart do na húdaráis inniúla agus do dhaoine eile a bhfuil na Treoirí seo dírithe orthu na Treoirí a d'eisigh an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margáí faoi Airteagal 2(5) de Rialachán (AE) 2023/1114 a chur i bhfeidhm;<sup>13</sup>
- b. taise, ba cheart d'údaráis inniúla agus do dhaoine eile a bhfuil na Treoirí seo dírithe orthu tagairt a dhéanamh do Thuairim agus do Thuarascáil 2014 ón Údarás Bainteach Eorpach agus do Thuairim 2020 maidir le himlíne institiúidí creidmheasa, ina dtugtar tásca ar an gcoincheap 'taise'<sup>14</sup> agus do Thuarascáil 2024 ó ÚBE maidir le taiscí struchtúrtha;<sup>15</sup>
- c. táirge árachais nó conradh árachais, ba cheart d'údaráis inniúla agus do dhaoine eile a bhfuil na Treoirí seo dírithe orthu a mheabhrú nach ann d'aon sainmhíniú sainráite ar árachas ar leibhéal an Aontais, mar ghníomhaíocht nó mar chonradh.<sup>16</sup>

23. Mura bhfuil feidhm ag aon cheann de na heisiaimh dá dtagraítear i mír 22, ba cheart d'údaráis inniúla agus do dhaoine eile a ndírítear na Treoirí seo orthu measúnú a dhéanamh ar

<sup>7</sup> Rialachán (AE) 2017/2402 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 lena leagtar síos creat ginearálta maidir le hurrúsú agus lena gcruthaítear creat sonracha maidir le hurrúsú simplí trédhearcach caighdeánaithe, agus lena leasaítear Treoracha 2009/65/CE, 2009/138/CE agus 2011/61/AE agus Rialachán (CE) 1060/2009 agus Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 347, 28.12.2017, lch. 35).

<sup>8</sup> Treoir (AE) 2016/2341 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2016 maidir le gníomhaíochtaí agus maoirseacht institiúidí um chóir ar scor ceirde (IORPanna) (IO L 354, 23.12.2016, lch. 37).

<sup>9</sup> Treoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le gabháil le gnó Árachais agus Atharachais agus an gnó sin a shaothrú (Sócmhainneacht II) (IO L 335, 17.12.2009, lch. 1).

<sup>10</sup> Rialachán (AE) 2019/1238 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le Táirge Pinsin Phearsanta Uile-Eorpach (TPPU) (IO L 198, 25.7.2019, lch. 1).

<sup>11</sup> Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta (IO L 166, 30.4.2004, lch. 1).

<sup>12</sup> Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 lena leagtar síos an nós imeachta chun Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta a chur chun feidhme (IO L 284, 30.10.2009, lch. 1).

<sup>13</sup> Nasc le cur isteach nuair a bheidh TL ESMA críochnaitheach (féach ESMA75-453128700-52 le haghaidh an pháipéir comhairliúcháin).

<sup>14</sup> Tuairim ÚBE 2014 agus Tuarascáil maidir le himlíne na n-institiúidí creidmheasa: <https://www.eba.europa.eu/publications-and-media/press-releases/eba-publishes-opinion-perimeter-credit-institutions> agus [https://www.eba.europa.eu/sites/default/files/document\\_library/Publications/Opinions/2020/931784/EBA%20Opinion%20on%20elements%20of%20the%20definition%20of%20credit%20institution.pdf](https://www.eba.europa.eu/sites/default/files/document_library/Publications/Opinions/2020/931784/EBA%20Opinion%20on%20elements%20of%20the%20definition%20of%20credit%20institution.pdf)

<sup>15</sup> Tuarascáil ÚBE 2024 maidir le taiscí struchtúrtha: <https://www.eba.europa.eu/sites/default/files/2024-07/b807c1a8-6f1d-4c2b-b2a0-2cdbc7737282/Report%20on%20structured%20deposits.pdf>

<sup>16</sup> [Final Report of the Commission Expert Group on European Insurance Contract Law \[Tuarascáil Chríochnaitheach Shainghrúpa an Choimisiúin maidir le Dlí Eorpach na gConarthaí Árachais\]. An Coimisiún Eorpach, 2014, lch. 38 ff.](#)

shaintréithe na cripteashócmhainní chun a chinneadh an EMT, ART nó cripteashócmhainn eile í an chripteashócmhainn de réir Rialachán (AE) 2023/1114 agus ba cheart dóibh an méid seo a leanas a chur san áireamh:

- a. An airbheartaíonn an chripteashócmhainn luach cobhsaí a choinneáil trí thagairt a dhéanamh do luach airgeadra oifigiúil aonair agus don luach sin amháin? Más amhlaidh atá, tá sí le haicmiú mar EMT de bhun Theideal IV de Rialachán (AE) 2023/1114.
- b. Mura n-airbheartaíonn an chripteashócmhainn luach cobhsaí a choimeád trí thagairt a dhéanamh do luach airgeadra oifigiúil aonair agus don luach sin amháin, an airbheartaíonn sí luach cobhsaí a choimeád faoi threoir luach nó ceart eile (nó teaghlaim díobh sin), lena n-áirítear airgeadra oifigiúil amháin nó níos mó? Más amhlaidh atá, tá sí le haicmiú mar ART de bhun Theideal III de Rialachán (AE) 2023/1114.
- c. Mura n-airbheartaíonn an chripteashócmhainn luach cobhsaí a choinneáil trí thagairt a dhéanamh do luach nó ceart eile (agus nach ART ná EMT í dá bhrí sin), tá sí le haicmiú mar chripteashócmhainn de bhun Theideal II de Rialachán (AE) 2023/1114.

# Iarscríbhinn A – Teimpléad

---

Cuirtear an teimpléad seo ar fáil chun críocha an mhínithe dá dtagraítear in Airteagal 8(4) de Rialachán (AE) 2023/1114.

## TEIMPLÉAD: CAITEACHAS CHUN CRÍOCHA AIRTEAGAL 8(4) RIALACHÁN (AE) 2023/1114

**Ba cheart faisnéis maidir le gach ceann de na réimsí thíos a bheith i míniú ullmhaithe chun críocha Airteagal 8(4) de Rialachán (AE) 2023/1114 (MiCAR).**

Faisnéis faoin míniú	An dáta a eisíodh an míniú sin	
	Ainm an duine/na ndaoine (dhlíthiúil/dlíthiúla nó nádúrtha) a eisíonn an míniú sin	<i>Cuir san áireamh: ainm, seoladh, seoladh ríomhphoist agus uimhir theileafóin.</i>
	Pointe teagmhála an duine/na ndaoine (dhlíthiúil/dlíthiúla nó nádúrtha) a eisíonn an míniú sin (murab ionann é agus an míniú thuas)	<i>Cuir san áireamh: ainm, seoladh, seoladh ríomhphoist agus uimhir theileafóin.</i>
	Deimhniú go n-eisítear an míniú sin chun críocha Airteagal 8(4) de MiCAR	<i>Deimhnigh.</i>
Faisnéis faoi thairgeoir/thairgeoirí, faoin duine/faoi na daoine a bhfuil ligean isteach chun trádála á iarraidh acu, agus/nó faoi oibreoirí ardan trádála	Ainm an tairgeoira/na dtairgeoirí, an duine/na ndaoine a bhfuil ligean isteach chun trádála á iarraidh acu, nó oibreoir/oibreoirí na n-ardán trádála, ar thar a cheann nó thar a gceann a eisítear an míniú sin	<i>Bain úsáid as an larscríbhinn a ghabhann leis an teimpléad seo chun an fhaisnéis seo a sholáthar.</i>
	Páipéar bán dá dtagraíonn an míniú sin (ba cheart gurb é seo an 'leagan deiridh' den pháipéar bán a cuireadh isteach chun críocha Airteagal 8(1) de MiCAR))	<i>Léirigh dáta an pháipéir bháin ar tugadh fógra ina leith chun críocha Airteagal 8(1) de MiCAR, agus a ndearnadh measúnú air chun críocha an mhínithe seo agus dá dtagraíonn an míniú sin. Cuir cóip den pháipéar bán i gceangal leis an míniú sin freisin.</i>
	An Ballstát/na Ballstáit ina ndéanfar an tairiscint don phobal nó an ligean isteach chun trádála	
Cripteashócmhainn	An dlí is infheidhme	<i>Léirigh an dlí is infheidhme maidir leis an gcripteashócmhainn dá dtagraítear sa pháipéar bán.</i>
	Achoimre feidhmiúcháin ar aicmiú rialála na cripteashócmhainne	<i>Léirigh san achoimre feidhmiúcháin an t-aicmiú rialála airbheartaithe agus aon phríomhphointí ar mhaith leat aird a tharraingt air.</i>
	Míniú mionsonraithe gur cripteashócmhainn de réir bhrí Airteagal 3(1), pointe (5) de MiCAR é an léiriú digiteach lena mbaineann an páipéar bán	<i>Féadfar míniú a thabhairt in larscríbhinn agus ba cheart gach gné den sainmhíniú ar 'cripteashócmhainn' a chumhdach leis, lena n-áirítear an luach nó an ceart dá seasann sí, agus an teicneolaíocht mórleabhar dailte nó teicneolaíocht den chineál céanna ar a bhféadfar an chripteashócmhainn a aistriú nó a stóráil.</i>
	Míniú mionsonraithe nach comhartha ríomh-airgid é an chripteashócmhainn lena mbaineann an páipéar bán de réir bhrí Airteagal 3(1), pointe (7) de MiCAR	<i>Féadfar míniú a sholáthar in larscríbhinn agus ba cheart go n-áireofaí ann gach gné lena léirítear nach bhfuil sé i gceist leis an gcripteashócmhainn luach cobhsaí a choimeád faoi threoir airgeadra oifigiúil, le crostagairtí iomlána d'fhorálacha ábhartha an pháipéir bháin.</i>
Míniú mionsonraithe nach comhartha sócmhainn-tagartha de réir bhrí Airteagal 3(1), pointe (6) de MiCAR é an chripteashócmhainn lena mbaineann an páipéar bán	<i>Féadfar míniú a sholáthar in larscríbhinn agus ba cheart go n-áireofaí ann gach gné lena léirítear nach bhfuil sé i gceist leis an gcripteashócmhainn luach cobhsaí a choimeád faoi threoir luach nó ceart eile nó teaghlaim díobh sin, le crostagairtí iomlána d'fhorálacha ábhartha an pháipéir bháin.</i>	

	<p><b>Míniú mionsonraithe nach aon cheann díobh seo a leanas é an chripteashócmhainn:</b></p>	
	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Ionstraim airgeadais, dá dtagraítear in Airteagal 2(4), pointe (a) de MiCAR.</li> </ul>	<p><b>Foinse an tsainmhíne/ná sainmhíne (dlí an Aontais agus/nó an dlí náisiúnta, de réir mar is infheidhme):</b></p> <p><b>Cásdlí (lena n-áirítear tagairtí do mhír, de réir mar is cuí) dá ndéantar tagairt sa mhíniú:</b></p> <p><b>Bearta rialála nó treoir dá dtagraítear sa mhíniú (lena n-áirítear na Treoirlínte a glacadh de bhun Airteagal 2(5) de MiCAR):</b></p> <p><b>Míniú:</b></p> <p><i>Tabhair faoi deara: Féadfar míniú a fhorlíonadh in Iarscríbhinn agus ba cheart a áireamh ann gach gné lena léirítear nach ionstraim airgeadais í an chripteashócmhainn. Ba cheart a léiriú sa mhíniú cén fáth nach gcomhfhreagraíonn an chripteashócmhainn d'aon cheann de na cineálacha ionstraime airgeadais (urrús inaistrithe, ionstraim margaidh airgid etc.), go ndéantar tagairt iomlán do Threoirlínte ESMA faoi Airteagal 2(5) de MiCAR, agus d'aon chásdlí is infheidhme, nó d'ábhair rialála nó mhaoirseachta ábhartha eisithe ag an údarás inniúil chun críocha [MiFID2] sa Bhallstát baile de réir bhrí Airteagal 3(1), pointe (33) de MiCAR.</i></p>
	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Taiscí, lena n-áirítear taiscí struchtúrtha, dá dtagraítear in Airteagal 2(4), pointe (b) de MiCAR</li> </ul>	<p><b>Foinse an tsainmhíne/ná sainmhíne (dlí an Aontais agus/nó an dlí náisiúnta, de réir mar is infheidhme):</b></p> <p><b>Cásdlí (lena n-áirítear tagairtí do mhír, de réir mar is cuí) dá ndéantar tagairt sa mhíniú:</b></p> <p><b>Bearta rialála nó treoir dá dtagraítear sa mhíniú:</b></p> <p><b>Míniú:</b></p> <p><i>Tabhair faoi deara: Ba cheart a áireamh sa mhíniú gach gné lena léirítear nach taisce í an chripteashócmhainn. Ba cheart tagairt iomlán a dhéanamh sa mhíniú d'aon chásdlí is infheidhme, nó d'aon ábhair rialála nó maoirseachta ábhartha eisithe ag an údarás inniúil chun críocha [CRD/CRR] sa Bhallstát baile de réir bhrí Airteagal 3(1), pointe (33) de MiCAR.</i></p>

	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Cistí dá dtagraítear in Airteagal 2(4), pointe (c) de MiCAR</li> </ul>	<p><b>Foinse an tsainmhíne/ná sainmhíne (dlí an Aontais agus/nó an dlí náisiúnta, de réir mar is infheidhme):</b></p> <p><b>Cásdlí (lena n-áirítear tagairtí do mhír, de réir mar is cuí) dá ndéantar tagairt sa mhíniú:</b></p> <p><b>Bearta rialála nó treoir dá dtagraítear sa mhíniú:</b></p> <p><b>Míniú:</b></p> <p><i>Tabhair faoi deara: Ba cheart a áireamh sa mhíniú gach gné lena léirítear nach cistí atá sa chripteashócmhainn. Ba cheart tagairt iomlán a dhéanamh sa mhíniú d'aon chásdlí is infheidhme, nó d'aon ábhar rialála nó maoirseachta ábhartha eisithe ag an údarás inniúil chun críocha Threoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle sa Bhallstát baile de réir bhrí Airteagal 3(1), pointe (33) de MiCAR.</i></p>
	<p><b>Míniú gearr, mura bhfuil measúnú níos mionsonraithe ábhartha, nach aon cheann díobh seo a leanas atá sa chripteashócmhainn:</b></p>	
	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Suíomhanna urrúsúcháin dá dtagraítear in Airteagal 2(4), pointe (d) de MiCAR</li> </ul>	<p><i>Tabhair faoi deara: Ba cheart a dheimhniú leis an míniú nach suíomh urrúsúcháin atá sa chripteashócmhainn.</i></p>
	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Táirgí árachais neamhshaoil nó saoil nó conarthaí atharachais nó aisghéillte dá dtagraítear in Airteagal 2(4), pointe (e) de MiCAR</li> </ul>	<p><i>Tabhair faoi deara: Ba cheart a dheimhniú leis an míniú nach táirge árachais neamhshaoil ná táirge árachais saoil atá sa chripteashócmhainn.</i></p>
	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Táirge pinsin dá dtagraítear in Airteagal 2(4), pointe (f) de MiCAR</li> </ul>	<p><i>Tabhair faoi deara: Ba cheart a dheimhniú leis an míniú nach táirge pinsin atá sa chripteashócmhainn.</i></p>
	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Scéimeanna pinsin ghairme a aithnítear go hoifigiúil dá dtagraítear in Airteagal 2(4), pointe (g) de MiCAR</li> </ul>	<p><i>Tabhair faoi deara: Ba cheart a dheimhniú sa mhíniú nach scéim pinsin ceirde í an chripteashócmhainn.</i></p>
	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Táirgí pinsin aonair dá dtagraítear in Airteagal 2(4), pointe (h) de MiCAR</li> </ul>	<p><i>Tabhair faoi deara: Ba cheart a dheimhniú sa mhíniú nach táirge pinsin aonair atá sa chripteashócmhainn.</i></p>
	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Táirgí Pinsin Phearsanta Uile-Eorpacha dá dtagraítear in Airteagal 2(4), pointe (i) de MiCAR</li> </ul>	<p><i>Tabhair faoi deara: Ba cheart a dheimhniú leis an míniú nach Táirge Pinsin Phearsanta Uile-Eorpach atá sa chripteashócmhainn.</i></p>
	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Scéimeanna slándála sóisialta dá dtagraítear in Airteagal 2(4), pointe (j) de MiCAR</li> </ul>	<p><i>Tabhair faoi deara: Ba cheart a dheimhniú leis an míniú nach scéim slándála sóisialta í an chripteashócmhainn.</i></p>
<p><b>Faisnéis ábhartha bhreise</b></p>		<p><i>Tabhair faoi deara: Leag amach cibé faisnéis eile a mheasann tú a bheith iomchuí chun aicmiú rialála na cripteashócmhainne a mhíniú.</i></p>



**IARSCRÍBHINN A GHABHANN LEIS AN TEIMPLÉID: FAISNÉIS A BHAINNEANN LE TAIRGEOIRÍ, LE DAOINE A bhFUIL LIGEAN ISTEACH CHUN TRÁDÁLA Á IARRAIDH ACU AGUS LE HOIBREOIRÍ ARDÁN TRÁDÁLA**

<p><b>Ainm an tairgeora/na dtairgeoirí, an duine/na ndaoine a bhfuil ligean isteach chun trádála á iarraidh acu, nó oibreoir/oibreoirí na n-ardán trádála, ar thar a cheann nó thar a gceann a eisítear an míniú sin</b></p>	<p><b>Stádas rialáilte (más ann dó/dóibh) an tairgeora/na dtairgeoirí, an duine/na ndaoine daoine a bhfuil ligean isteach chun trádála á iarraidh acu, nó an oibreora/na n-oibreoirí (údarú nó clárú chun gníomhaíocht/gníomhaíochtaí seirbhísí airgeadais a dhéanamh)</b></p>	<p><b>LEI (más infheidhme)</b></p>	<p><b>LEE/Ballstát bunaíochta, brainse nó oifige cláraithe (de réir mar is infheidhme)</b></p>	<p><b>Pointe teagmhála</b></p>
			<p><i>Sonraigh dlínse agus stádas (bunaíocht, brainse, oifig chláraithe).</i></p>	<p><i>Cuir san áireamh: ainm, seoladh, seoladh ríomhphoist agus uimhir theileafóin.</i></p>

## Iarscríbhinn B – Teimpléad

---

Soláthraítear an teimpléad seo chun críocha na tuairime dlíthiúla dá dtagraítear in Airteagal 17(1), pointe (b)(ii) agus Airteagal 18(2), pointe (e) de Rialachán (AE) 2023/1114.

**TEIMPLÉAD: TUAIRIM DHLÍTHIÚIL CHUN CUSPÓIRÍ AIRTEAGAL 17(1), pointe (b)(ii) agus AIRTEAGAL 18(2), pointe (e) Rialachán (AE) 2023/1114**

**Ba cheart faisnéis maidir leis na réimsí uile thíos a bheith i dTuairim a eisítear chun críocha na nAirteagal seo.**

Faisnéis faoin Tuairim	Dáta eisiúna na Tuairime seo	
	Ainm an duine/na ndaoine (dhlíthiúil/dlíthiúla nó nádúrtha) a eisiúnn an Tuairim seo	<i>Cuir san áireamh: ainm, seoladh, seoladh ríomhphoist agus uimhir theileafóin.</i>
	Pointe teagmhála an duine/na ndaoine (dhlíthiúil/dlíthiúla nó nádúrtha) a eisiúnn an Tuairim seo (murab ionann é agus na sonraí thuas)	<i>Cuir san áireamh: ainm, seoladh, seoladh ríomhphoist agus uimhir theileafóin.</i>
	Dearbhú maidir le haon choinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh a bheith ann agus bearta chun na coinbhleachtaí sin a bhainistiú go héifeachtach	
	Fianaise ar chumas an duine/na ndaoine gníomhú mar chomhairleoir dlí	<i>Tabhair an oiread eolais agus is féidir, cuir i gcás céim, ceadúnas, uimhir chláraithe ghairmiúil, teastas chun dlí a chleachtadh, etc.</i>
	An cuspóir ar chuige a eisítear an Tuairim seo	<i>Sonraigh:</i> - Airteagal 17(1), pointe (b)(ii), nó - Airteagal 18(2), pointe (e) de MiCAR
Faisnéis faoi dhuine a bhfuil sé ar intinn aige nó aici iad a thairiscint don phobal nó a bhfuil ligean isteach chun a dtrádála á iarraidh acu	Ainm na hinstiúide creidmheasa/na hinstiúide airgeadais/an ghnóthais eile a bhfuil sé beartaithe acu an chripteashócmhainn a thairiscint don phobal nó a bhfuil ligean isteach chun a trádála á iarraidh acu ar thar a ceann a eisítear an Tuairim seo	
	Stádas rialáilte (údarú nó clárú chun gníomhaíocht/gníomhaíochtaí seirbhísi airgeadais a dhéanamh)	<i>e.g. institiúid creidmheasa, institiúid ríomh-airgid etc.</i>
	LEI (más infheidhme)	
	LEE/Ballstát bunaíochta	
	Pointe teagmhála	<i>Cuir san áireamh: ainm, seoladh, seoladh ríomhphoist agus uimhir theileafóin.</i>
	Rún na hinstiúide creidmheasa/na hinstiúide airgeadais/an ghnóthais eile	<i>Sonraigh:</i> - Tairiscint don phobal - Ligean isteach chun trádála a lorg
	Páipéar bán dá dtagraítear sa Tuairim seo (ba cheart gurb é sin an 'leagan deiridh' den pháipéar bán a cuireadh isteach chun críche Airteagal 17(1), pointe (b) (ii) agus Airteagal 18(2), pointe (e) de MiCAR)	<i>Sonraigh dáta an pháipéir bháin a measúnaíodh chun críocha na Tuairime seo agus dá dtagraíonn sí. Cuir cóip den pháipéar bán i gceangal leis an Tuairim freisin.</i>
	An Ballstát/na Ballstáit ina ndéanfar an tairiscint don phobal nó an ligean isteach chun trádála	

<b>Cripteashócmhainn</b>	<b>An dlí is infheidhme</b>	<i>Sonraigh an dlí is infheidhme maidir leis an gcripteashócmhainn dá dtagraítear sa pháipéar bán.</i>
	<b>Achoimre feidhmiúcháin ar aicmiú rialála na cripteashócmhainne</b>	<i>Léirigh san achoimre feidhmiúcháin an t-aicmiú rialála airbheartaithe agus aon phríomhphointí ar mhaith leat aird a tharraingt air.</i>
	<b>Tuairim, le míniú mionsonraithe, gur cripteashócmhainn é an léiriú digiteach lena mbaineann an Tuairim seo de réir bhrí Airteagal 3(1), pointe (5) de MiCAR</b>	<i>Féadfar míniú a thabhairt in larscríbhinn agus ba cheart go gcumhdófaí leis gach gné den sainmhíniú ar ‘cripteashócmhainn’, lena n-áirítear an luach nó an ceart, agus an teicneolaíocht mórleabhar dailte nó teicneolaíocht den chineál céanna ar a bhféadfar an chripteashócmhainn a aistriú nó a stóráil.</i>
	<b>Tuairisc mhionsonraithe ar an luach nó ar an gceart nó ar na hairgeadraí oifigiúla dá dtagraíonn an chripteashócmhainn</b>	<i>Ba cheart go leagfaí amach sa tuairisc an luach, an ceart nó na hairgeadraí oifigiúla dá dtagraíonn an chripteashócmhainn agus a n-airbheartaítear léi luach cobhsaí a choimeád, le crostagairtí iomlána d’fhorálacha ábhartha an pháipéir bháin.</i>
	<b>Tuairim, le míniú mionsonraithe, nach comhartha ríomh-airgid é an chripteashócmhainn lena mbaineann an Tuairim seo de réir bhrí Airteagal 3(1), pointe (7) de MiCAR</b>	<i>Féadfar míniú a sholáthar in larscríbhinn a ghabhann leis an Tuairim agus ba cheart go n-áireofaí ann gach gné lena léirítear nach bhfuil sé i gceist leis an gcripteashócmhainn luach cobhsaí a choinneáil faoi threoir airgeadra oifigiúil aonair, le crostagairtí iomlána d’fhorálacha ábhartha an pháipéir bháin.</i>
	<b>Tuairim, le míniú mionsonraithe, nach ionann an chripteashócmhainn lena mbaineann an Tuairim seo agus aon cheann díobh seo a leanas:</b>	
	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Ionstraim airgeadais, dá dtagraítear in Airteagal 2(4), pointe (a) de MiCAR.</li> </ul>	<p><b>Foinse an tsainmhíne/ná sainmhíne (dlí an Aontais agus/nó an dlí náisiúnta, de réir mar is infheidhme):</b></p> <p><b>Cásdlí (lena n-áirítear tagairtí do mhír, de réir mar is cuí) dá ndéantar tagairt sa mhíniú:</b></p> <p><b>Bearta rialála nó treoir dá dtagraítear sa mhíniú (lena n-áirítear na Treoirlínte de bhun Airteagal 2(5) de MiCAR):</b></p> <p><b>Míniú:</b></p> <p><i>Tabhair faoi deara: Féadfar míniú a fhorlíonadh in larscríbhinn agus ba cheart a áireamh ann gach gné lena léirítear nach ionstraim airgeadais í an chripteashócmhainn. Ba cheart a léiriú sa mhíniú cén fáth nach gcomhfhreagraíonn an chripteashócmhainn d’aon cheann de na cineálacha ionstraime airgeadais (urrús inaistrithe, ionstraim margaidh airgid etc.), go ndéantar tagairt iomlán do Threoirlínte ESMA faoi Airteagal 2(5) de MiCAR, agus d’aon chásdlí is infheidhme, nó d’ábhair rialála nó mhairseachta ábhartha eisithe ag an údarás inniúil chun críocha [MiFID2] sa Bhallstát baile de réir bhrí Airteagal 3(1), pointe (33) de MiCAR.</i></p>

<ul style="list-style-type: none"> <li>- Taiscí, lena n-áirítear taiscí struchtúrtha, dá dtagraítear in Airteagal 2(4), pointe (b) de MiCAR</li> </ul>	<p><b>Foinse an tsainmhíne/na sainmhíne (dlí an Aontais agus/nó an dlí náisiúnta, de réir mar is infheidhme):</b></p> <p><b>Cásdlí (lena n-áirítear tagairtí do mhír, de réir mar is cuí) dá ndéantar tagairt sa mhíniú:</b></p> <p><b>Bearta rialála nó treoir dá dtagraítear sa mhíniú:</b></p> <p><b>Míniú:</b></p> <p><i>Tabhair faoi deara: Féadfar míniú a sholáthar in Iarscríbhinn agus ba cheart a áireamh ann gach gné lena léirítear nach taisce í an chripteashócmhainn. Ba cheart tagairt iomlán a dhéanamh sa mhíniú d'aon chásdlí is infheidhme, nó d'aon ábhar rialála nó maoirseachta ábhartha eisithe ag an údarás inniúil chun críocha [CRD/CRR] sa Bhallstát baile de réir bhrí Airteagal 3(1), pointe (33) de MiCAR.</i></p>
<ul style="list-style-type: none"> <li>- Cistí dá dtagraítear in Airteagal 2(4), pointe (c) de MiCAR</li> </ul>	<p><b>Foinse an tsainmhíne/na sainmhíne (dlí an Aontais agus/nó an dlí náisiúnta, de réir mar is infheidhme):</b></p> <p><b>Cásdlí (lena n-áirítear tagairtí do mhír, de réir mar is cuí) dá ndéantar tagairt sa mhíniú:</b></p> <p><b>Bearta rialála nó treoir dá dtagraítear sa mhíniú:</b></p> <p><b>Míniú:</b></p> <p><i>Tabhair faoi deara: Féadfar míniú a sholáthar in Iarscríbhinn agus lena léirítear nach cistí atá sa chripteashócmhainn. Ba cheart tagairt iomlán a dhéanamh sa mhíniú d'aon chásdlí is infheidhme, nó d'aon ábhar rialála nó maoirseachta ábhartha eisithe ag an údarás inniúil chun críocha [PSD] sa Bhallstát baile de réir bhrí Airteagal 3(1), pointe (33) de MiCAR.</i></p>
<p><b>Míniú gearr, mura bhfuil measúnú níos mionsonraithe ábhartha, nach aon cheann díobh seo a leanas atá sa chripteashócmhainn:</b></p>	
<ul style="list-style-type: none"> <li>- Suíomhanna urrúsúcháin dá dtagraítear in Airteagal 2(4), pointe (d) de MiCAR</li> </ul>	<p><i>Tabhair faoi deara: Ba cheart a dheimhniú leis an míniú nach suíomh urrúsúcháin atá sa chripteashócmhainn.</i></p>
<ul style="list-style-type: none"> <li>- Táirgí árachais neamhshaoil nó saoil nó conarthaí atharachais nó aisghéillte dá dtagraítear in Airteagal 2(4), pointe (e) de MiCAR</li> </ul>	<p><i>Tabhair faoi deara: Ba cheart a dheimhniú leis an míniú nach táirge árachais neamhshaoil ná táirge árachais saoil atá sa chripteashócmhainn.</i></p>
<ul style="list-style-type: none"> <li>- Táirgí pinsin dá dtagraítear in Airteagal 2(4), pointe (f) de MiCAR</li> </ul>	<p><i>Ba cheart a dheimhniú leis an míniú nach táirge pinsin atá sa chripteashócmhainn.</i></p>

	<p>- Scéimeanna pinsin ceirde atá aitheanta go hoifigiúil dá dtagraítear in Airteagal 2(4), pointe (g) de MiCAR</p>	<p><i>Tabhair faoi deara: Ba cheart a dheimhniú sa mhíniú nach scéim pinsin ceirde í an chripteashócmhainn.</i></p>
	<p>- Táirgí pinsin aonair dá dtagraítear in Airteagal 2(4), pointe (h) de MiCAR</p>	<p><i>Tabhair faoi deara: Ba cheart a dheimhniú sa mhíniú nach táirge pinsin aonair atá sa chripteashócmhainn.</i></p>
	<p>- Táirgí Pinsin Phearsanta Uile-Eorpacha dá dtagraítear in Airteagal 2(4), pointe (i) de MiCAR</p>	<p><i>Tabhair faoi deara: Ba cheart a dheimhniú leis an míniú nach Táirge Pinsin Phearsanta Uile-Eorpach atá sa chripteashócmhainn.</i></p>
	<p>- Scéimeanna slándála sóisialta dá dtagraítear in Airteagal 2(4), pointe (j) de MiCAR</p>	<p><i>Tabhair faoi deara: Ba cheart a dheimhniú leis an míniú nach scéim slándála sóisialta í an chripteashócmhainn.</i></p>
<p><b>Tuairim, le míniú iomlán na cripteashócmhainne de réir bhrí Airteagal 3(1), pointe (6) de MiCAR</b></p>	<p><b>Foinse an tsainmhíne/na sainmhíne (dlí an Aontais agus/nó an dlí náisiúnta, de réir mar is infheidhme):</b></p> <p><b>Cásdlí (lena n-áirítear tagairtí do mhír, de réir mar is cuí) dá ndéantar tagairt sa mhíniú:</b></p> <p><b>Bearta rialála nó treoir dá dtagraítear sa mhíniú:</b></p> <p><b>Míniú:</b>  <i>Tabhair faoi deara: Níor cheart an méid thuas a athrú sa mhíniú ach ba cheart tuairisc a thabhairt ann ar airíonna na cripteashócmhainne atá i gcomhréir leis an sainmhíniú ar ‘comhartha sócmhainn-tagartha’. Féadfar an míniú a sholáthar in Iarscríbhinn a ghabhann leis an Tuairim seo agus ba cheart tagairt a dhéanamh ann d’fhorálacha ábhartha uile an pháipéir bháin, i measc aon ábhair eile, a mheastar a bheith ábhartha chun tacú leis an Tuairim maidir le haicmiú rialála na cripteashócmhainne.</i></p>	
<p><b>Faisnéis ábhartha bhreise</b></p>	<p><i>Tabhair faoi deara: Leag amach cibé faisnéis eile a mheasann tú a bheith iomchuí chun aicmiú rialála na cripteashócmhainne a mhíniú.</i></p>	

## Iarscríbhinn C – Sreabhchairt

---

Soláthraítear an tsreabhchairt seo chun críocha na tástála caighdeánaithe dá dtagraítear in Airteagal 97(1) de Rialachán (AE) 2023/1114.

.

